CC BY NC

Ardteistiméireacht

Oide

Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Briathra Gnímh

Briathra Gnímh	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Aithin	fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint a shainaithint
Anailísigh	staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud go mion, rud a mhiondealú chun na bunghnéithe nó an bunstruchtúr a nochtadh; codanna agus coibhneasa a shainaithint, agus fianaise a léirmhíniú chun teacht ar chonclúidí
Cuir luach ar	brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud
Cuir síos	pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
Déan	tabhairt faoi ghníomhaíocht
Déan comparáid	cuntas a thabhairt ar na cosúlachtaí agus (nó) difríochtaí idir dhá rud nó cás (nó níos mó), ag tagairt don dá cheann acu (dóibh uile) síos tríd
Dearadh	ceapadh, cruthú agus cur i ngníomh de réir plean
Eagraigh	rud a shocrú; rud a chórasú nó a rianú
Éascaigh	gníomh nó próiseas a dhéanamh níos éasca; plé a stiúradh go comhfhiosach ionas go bhfanann sé dírithe agus go mbaintear na spriocanna comhaontaithe amach
Fiosraigh	breathnaigh, déan staidéar, d'fhonn fíricí a chruthú
Iniúchadh	breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua
Léirigh	samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin
Machnaigh	rud a mheas chun ceartúchán nó feabhsúchán a dhéanamh
Measúnaigh (breithiúnas eiticiúil)	fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Measúnaigh (sonraí)	sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna
Mínigh	mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna
Pleanáil	modh nó cur chuige a cheapadh nó a bheartú
Pléigh	athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: ba cheart tuairimí nó conclúidí a chur i láthair go soiléir agus tacú leo le fianaise chuí
Sainaithin	patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Sainmhínigh	míniú beacht a thabhairt ar fhocal, ar fhrása, ar choincheap nó ar chainníocht fhisiceach
Scrúdaigh	argóint nó coincheap a mheas ar bhealach a nochtann toimhdí agus caidrimh na saincheiste
Tabhair breacchuntas	na príomhphointí a thabhairt; na nithe ríthábhachtacha amháin
Taighde	sainfhiosrú a dhéanamh, ag úsáid iniúchadh casta agus criticiúil
Taispeáin	rud a chruthú nó a dhéanamh soiléir trí réasúnaíocht nó le fianaise, rud a léiriú le samplaí nó le cur i bhfeidhm praiticiúil
Úsáid	eolas nó rialacha a chur i bhfeidhm chun teoiric a chur i ngníomh